

## **Tuarascáil ar Dhul chun Cinn 2012**

### **(Ráiteas Straitéise 2012-2014)**

#### **Clár Ábhar**

<b>Brollach</b>	<b>2</b>
<b>Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir</b>	<b>3</b>
<b>An t-eolas is deireannaí ar na príomhthosaíochtaí mar a sainithníodh iad sa Ráiteas Straitéise 2012-2014</b>	<b>5</b>

## Brollach


Fáiltím roimh an chéad tuarascáil seo ar an Ráiteas Straitéise 2012-2014 atá ullmhaithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Chuir sé áthas orm a fheiceáil go bhfuil a lán dul chun cinn déanta in 2012 ar na spriocanna arda atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.



Tá eachtraí móra idirnáisiúnta ag dul i bhfeidhm go mór ar chúrsaí staidrimh le blianta beaga anuas. Táthar ag díriú níos mó ar staitisticí oifigiúla agus baintear úsáid as torthaí na Príomh-Oifige Staidrimh chun súil a choinneáil ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus athrú sóisialta inár sochaí. Dé réir mar atá fás tagtha ar an éileamh ar staitisticí, rud atá á chothú ag an gclár AE/CAI chomh maith le héileamh méadaithe idirnáisiúnta, tá na héilimh féin tar éis dul i gcastacht. Bíodh is go gcuireann seo brú uirthi tá áthas orm a thabhairt faoi deara go raibh 255 eisiúint agus 49 bhfoilseachán ag an CSO le linn 2012. Anuas air seo cuireadh roinnt eisiúintí nua amach lena n-áirítear eisiúint faoi tháscairí comhshaoil, 'job churn' freagra ó theaghlaigh don chor chun donais eacnamaíochta agus staitisticí atitimeachais sa tseirbhís phromhaidh. Ina theannta sin cuireadh isteach modúil nua, mar shampla an modúl um Phinsin agus Oideachas, modúil um anás airgeadais agus modúl trialach SILC (Suirbhé ar choinníollacha baile agus maireachtála) faoi fholláine. Is deas a fheiceáil go bhfuil an CSO ag feabhsú agus ag forbairt go leanúnach i bhfianaise na ndúshlán a chuirtear roimpi.

Le linn 2012 ar fad lean an CSO uirthi ag obair ar fhorbairt a dhéanamh ar Chóras Staidrimh na hÉireann agus fáiltím roimh Chód Chleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann a bheith forbartha agus curtha isteach chuig an mBord Náisiúnta Staitisticí gar do dheireadh na bliana 2012. Mar thoradh ar glacadh leis an gcód déanfar céim mhór chun tosaigh i bhforbairt Chóras Staidrimh na hÉireann agus beidh sé mar bhonn le haghaidh caidreamh le táirgeoirí tábhachtacha staitisticí oifigiúla ar fud an chórais go ginearálta. Beidh feidhm thábhachtach ag Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann mar chabhair chun iontaoibh agus muinín an phobail i staitisticí oifigiúla a neartú tuilleadh.

Is é a foireann dhílis thiomanta an acmhainn is mó atá ag an CSO. Tá siad ag díriú ar feabhas a chur ar na próisis, ar thráthúlacht, ar ardchaighdeán agus inrochtaineacht ár gcuid staitisticí náisiúnta dár lucht úsáide ar fad agus ag an am céanna tá siad ag obair chun an oiread úsáide is féidir a bhaint as sonraí riaracháin agus chun an t-ualach a chuirtear ar ár bhfreagróirí a laghdú. Táim muiníneach go leanfaidh siad orthu ag tabhairt seirbhíse den scoth ar feadh saolré an Ráitis Straitéise seo.



Pól Mac Eochaidh TD  
Príomh-Aoire an Rialtais agus  
Aire Stáit i Roinn an Taoisigh

## Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Is é seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil leis an CSO ar an Ráiteas Straitéise 2012-2014 agus is é an chéad cheann é i mo théarma mar Ard-Stiúrthóir na CSO.



Tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht ina bhfuil an CSO ag feidhmiú le roinnt blianta anuas. Is iad na dúshláin is mó atá romhainn sa lá atá inniu ann ná éileamh méadaithe ar staitisticí, méadú ar réimse, dhoimhneacht agus ar chastacht na n-iarratas ar shonraí, leibhéal méadaithe iniúchta ar Staitisticí Oifigiúla, níos mó sonraí a bheith ar fáil agus súil a bheith leo agus na nithe seo ar fad a bheith le sárú in aimsir ina bhfuil laghdú ag teacht ar acmhainní. Mar eagraíocht tá aghaidh tugtha againn ar mhórán de na dúshláin seo roimhe seo ach ní rabhadar riamh uile i dteannta a chéile romhainn.

D'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin seo tá cuid mhaith ama caite ag an mbainistíocht shinsearach ó fhómhar 2012 chun straitéis fhadtéarmach a fhorbairt don CSO. Tá CSO 2020 ag leanúint den obair ar an Ráiteas Straitéise 2012-2014 agus cuireann sé an t-seirbhís dár gcustaiméirí i gcroílár na straitéise. Ag an am céanna leagann sé béim athuair ar ár bpríomhluachanna, luachanna atá dírithe ar neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus rúndacht a choinneáil. Tá an plean ag díriú ar phróisis inmheánacha agus nuálú agus ar chumas na heagraíochta í féin a chur in oiriúint.

D'ainneoin a bheith ag díriú ar CSO 2020 sa bhliain 2012 tá dul chun cinn suntasach déanta i réimsí eile de réir mar a thuairiscítear sa doiciméad seo. D'aithin mo réamhtheachtaí Gerry O'Hanlon dhá phríomhthogra nuair a sheol sé an Ráiteas Straitéise 2012-2014, is é sin le rá, na roghanna athbhreithnithe don Daonáireamh 2016 agus an córas atá againn chun suirbhéanna teaghlaigh a dhéanamh a athú ón mbonn aníos. Cuireann sé áthas orm a thuairisciú gur críochnaíodh an t-athbhreithniú ar roghanna maidir le Daonáireamh 2016 in 2012 agus fuaireamar cead bunúsach ón rialtas daonáireamh a dhéanamh in 2016. Maidir le hathrú ón mbonn aníos a dhéanamh ar shuirbhéanna teaghlaigh, cheadaigh an Coiste Bainistíochta Sínearach an cás gnó don togra i mí Mheán Fómhair 2012 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí na Samhna.

Is príomhbheart in Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus inár Ráiteas Straitéise 2012-2014 é Córas Staidrimh níos comhtháite a chruthú in Éirinn. Forbraíodh an Cód Cleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann le linn 2012 agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta Staitisticí é. Beidh Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann mar bhunchloch againn inár dteagmháil le príomhtháirgeoirí staitisticí oifigiúla ar fud na hearnála poiblí agus tabharfaidh sé dúinn an creat atá ag teastáil chun iontaobh agus muinín an phobail i Staitisticí Oifigiúla a mhéadú tuilleadh, is cuma cé a thiomsaigh iad. Seolfar Cód Cleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann i Mí na Samhna 2013.

Is iad na dúshláin atá roimh an CSO ná leanúint de bheith ag freastal ar na héilimh a chuireann réimse leathan úsáideoirí ar a cuid oibre ar shlí chomh éifeachtúil agus chomh éifeachtach ó thaobh costais de agus is féidir d'fhonn costais agus ualach a laghdú. Ba léir ó cheann ceann na bliana 2012 gur foireann dhílis thiomnaithe í foireann na CSO agus a bhfuil ar a cumas oiriúnú. Is deimhin liom go n-éireoidh linn na dúshláin seo a shárú trí bheith ag cur le chéile agus an Ráiteas Straitéise 2012-2014 á chur i ngníomh againn.



**Pádraig Daltún**  
**Ard-Stiúrthóir**

## Dul chun cinn ar na príomhthosaíochtaí mar a sainithníodh iad sa Ráiteas Straitéise 2012-2014

### Sprioc 1 Freastal ar Riachtanais Staitistiúla

Nithe Insoláthartha

Príomh-aschuir staidrimh a sheachadadh.

Bearta Aschuir

- Foilsiú tráthúil i gcomhréir le Monatóir Tráthúlachta an CSO.

- Leanúint ag forbairt scóipe agus cáilíochta ár bpríomh-aschur.

2012

- Ar siúl i gcónaí. Athbhreithniú á dhéanamh ar dhul chun cinn gach seachtain ag an gCoiste Bainistíochta Sinsearach. Cuireadh an córas eisithe leictreonach i bhfeidhm le haghaidh dhá eisiúint in 2012 agus cuirfear i ngníomh é de réir a chéile in 2013.
- Eisiúintí: 255 san iomlán (37 go díreach ar an ngréasán de réir míreanna; 91 gréasán amháin; 127 gréasán & cló).
- Foilseacháin: 49 bhfoilseachán san iomlán
- Ar siúl i gcónaí .i. chuireamar modúil náisiúnta amach in 2012 (modúl pinsin agus oideachais, modúl ar anás airgeadais agus modúl trialach SILC (Suirbhé ar Choinníollacha Ioncaim agus Maireachtála) ar fholláine).
- Foilsíodh na heisiúintí seo go léir den chéad uair in 2012: Job Churn 2010 (Táirge Staitistiúil trialach); Freagra ó theaghlaigh do chor chun donais eacnamaíochta sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh; Innéacs um Tháirgeadh Seirbhísí

		<p>Míosúla; Gnó in Éirinn agus Staitisticí maidir le hatitimeachas (athchiontú) sa tSeirbhís Phromhaidh.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Foilsíodh tuairisc nua ar Tháscairí Comhshaoil in 2012, tiomsaíodh táblaí S &amp; U ag Praghsanna na Bliana Roimhe agus seachadadh Páipéar ar Ioncam Feirm Talmhaíochta</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foilsíú na dtuairiscí uile faoi Dhaonáireamh 2011 agus faoi Áireamh Talmhaíochta 2010 in 2012.<sup>1</sup></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bainte amach (3 imleabhar <sup>2</sup>PDR, PSER<sup>3</sup> agus Ceantair).</li> </ul>
Roghanna Athbhreithnithe do Dhaonáireamh 2016.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuairisciú faoi R1/2012 ar roghanna do Dhaonáireamh 2016.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bainte amach: comhaontú bunúsach ón rialtas go ndéanfar daonáireamh in 2016.</li> </ul>
Riachtanais nua sonraí a aithint agus a phlé a eascraíonn as beartais náisiúnta agus AE agus ón gclár AE/CAI; agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpríomhchlár staidrimh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhairliúchán leanúnach le húsáideoirí chun an tionchar a shainaithint a imríonn riachtanais nua sonraí i staitisticí maicreacnamaíocha, staitisticí gnó, staitisticí comhshaoil agus staitisticí sóisialta/teaghlaigh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ar siúl i gcónaí. Teagmháil leanúnach fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil le húsáideoirí .i. trí ghrúpaí comhordaithe (.i. an Grúpa Caidrimh um Staitisticí Fiontair), seimineáir, .i. an 4ú Seimineár um Staitisticí Gnó Talmhaíocht, Ranna agus Gníomhaireachtaí rialtais. Cuireadh tús leis an nGrúpa Caidrimh Uile-Éireann um Staitisticí Turasóireachta go foirmiúil i mBéal</li> </ul>

<sup>1</sup> Sceideal mionsonraithe ag <http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/>

<sup>2</sup> PDR Príomhthoradh Deimeagrafach

<sup>3</sup> PSER Príomhthorthaí socheacnamaíocha

- Gníomhartha a shainaithint a eascraíonn ón Tuarascáil Beyond GDP ar thomhas feidhmíochta eacnamaí agus dul chun cinn sóisialta.
  - Ag brath ar chostas, pleananna a fhorbairt chun freastal ar riachtanais nua sonraí i gcomhréir le Spriocanna 2 go 5.
  - Athbhreithniú a dhéanamh i gcónaí ar an bpríomhchlár agus rannchuidiú le sainaithint staitisticí,
- Feirste. Bhí an Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta UNWTO<sup>4</sup> i láthair.
- Tá tuilleadh béime á cur ar an gclár oibre Beyond GDP' atá le feiceáil in aschuir Cuireadh tús le hullmhú modúil QNHS<sup>5</sup> ar 'fholláine shuibhiachtúil' (mar aon le roinnt ábhair ghaolmhara). Tá sé i gceist an tSuirbhéireacht seo a dhéanamh i Ráithe 3 de 2013.
  - Tá tús curtha ag an gCoiste Bainistíochta Sinsearach plean straitéiseach fadtéarmach a ullmhú. Fuarthas ionchur ó chomhoibrithe bainistíochta sinsearaí ag leibhéal an staitisteora shinsearaigh / PO in 2012. Sa plean straitéiseach leagfar amach fíis straitéiseach na CSO maidir le 2020 agus díreofar go háirithe ar ár gcustaiméirí. Le linn an chéad leith de 2013 beifear ag obair ar shásanna a cheapadh chun an straitéis a sheachadadh. Beidh an obair seo ag díriú ar phróisis inmheánacha agus nuáil agus ar chumas na heagraíochta í féin a chur in oiriúint.
  - Ar siúl i gcónaí - De bhreis air seo tá an CSO ag obair chun tionchar a imirt ar rialacháin nua an AE.

<sup>4</sup> UNWTO Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta

<sup>5</sup> QNHS Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh

	ar leibhéal an AE, nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh.	
Timthriall an chlár PIAAC (Clár um Mheasúnú Idirnáisiúnta Inniúlachtaí Daoine Fásta) a chríochnú.	<ul style="list-style-type: none"><li>• Tiomsú sonraí a chríochnú i Ráithe 1/2012.</li><li>• Torthaí leis an ECFE ar litearthacht agus uimhearthacht in Éirinn atá inchomparáide go hidirnáisiúnta a fhoilsiú in 2013.</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Obair pháirce, próiseáil agus ualú soneaí déanta do PIACC<sup>6</sup>. Baineadh ráta freagra 71% amach</li><li>• Cuirfear comparáidí idirnáisiúnta ar fáil i mí Mheithimh/Iúil 2013 agus foilseofar tuarascáil dheiridh i mí Dheireadh Fómhair 2013.</li></ul>

---

<sup>6</sup> PIACC An Clár um Mheasúnaithe Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Daoine Fásta



## Sprioc 2 Córas Staitisticiúil na hÉireann a fhorbairt

### Nithe Insoláthartha

Tacú le hAonaid Staidrimh sna Ranna, freastal ar riachtanais faisnéise staitisiúla a bhaineann le beartais.

Cód cleachtais agus caighdeáin a fhorbairt le haghaidh tiomsú agus úsáid sonraí chun críocha staitistiúla ar fud na Seirbhíse Poiblí.

### Bearta Aschuir

- Tacaíocht ghairmiúil leanúnach ón CSO d'aonaid staidrimh.
- An Cód Cleachtais agus Caighdeáin Sonraí faoi Nollaig 2012.

### 2012

- A bheith gafa go leanúnach le haonaid staidrimh na ranna go léir.
- Sheachadaigh an CSO an chéad dréacht den gCód Cleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann don mBord Staidrimh Náisiúnta i Mí na Nollag 2012, chun athbhreithniú a dhéanamh air agus é a fhaomhadh. Seolfar an Cód Cleachtais ar an 21 Samhain 2013 agus beidh sé mar bhunchloch le haghaidh teagmhála le príomhtháirgeoirí staitisticí oifigiúla i ndáil le luachanna bunúsacha ar nós neamhspleáchas proifisiúnta, caighdeáin cháilíochta agus trédhearcacht.
- A luaithe agus a bheidh an Cód Cleachtais críochnaithe tá sé i gceist go rachaidh an CSO i dteagmháil go gníomhach le príomhtháirgeoirí sonraí sa tseirbhís phoiblí. Faoi dheireadh uachtaránacht na Cipire bhí téacs Leasú an Rialacháin (CE) Uimh. 223/2009 comhaontaithe

Measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht reachtach le haghaidh sonraí staitistiúla d'fhothair

- Cúnamh d'eagraíochtaí poiblí eile chun go gcuirfidís cáilíocht staitistiúil agus bunrialacha neamhchlaontachta an Chód Cleachtais Eorpaigh um Staitisticí i bhfeidhm ar staitisticí Eorpacha nach staitisticí de chuid na CSO iad.

- Doiciméadú caighdeánaithe a fhoilsiú ar cháilíocht staitistiúil le haghaidh staitisticí nach staitisticí de chuid na CSO iad tríd an suíomh gréasáin [www.statcentral.ie](http://www.statcentral.ie).

- Tuairisciú ar an timpeallacht reachtach le haghaidh sonraí staitistiúla, réimsí ina bhféadfaí

lasmuigh den gné a phléann Gealltanas um Iontaoibh. Beidh an leagan deireadh mar threoir ag an gCód Cleachtais do Chóras Staidrimh na hÉireann, tar éis é a bheith comhaontaithe.

- Bualann an Grúpa Caidrimh Staitisteach le chéile trí uaire sa bhliain agus is é an fóram is tábhachtaí é chun cúnamh a chur ar fáil. Nuair a bheidh dréacht an Chód Cleachtais críochnaithe beidh sé mar bhunchloch an chúnaimh a thabharfar d'eagraíochtaí poiblí eile chun cáilíocht staitistiúil agus bunrialacha neamhchlaontachta ESCoP<sup>7</sup> a chur i bhfeidhm.

- Tá doiciméadú ar cháilíocht agus mhodheolaíocht staitistiúil foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna trí [www.statcentral.ie](http://www.statcentral.ie). Measaimid go gcruthóidh eagraíochtaí eile seachas an CSO níos mó tuarascálacha den tsórt seo mar thoradh fheidhmiú céimeach an Chód Cleachtais.

- Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an CSO ar an timpeallacht reachtach a bhaineann le táirgeadh agus le

<sup>7</sup> ESCoP Cód Cleachtais Staitisticí Eorpacha

réimse a shainaithint ina bhféadfaí breis úsáide agus úsáid níos mó a bhaint as sonraí, agus ar aon athruithe san reachtaíocht a mbeadh gá leo.

athruithe a dhéanamh a shainaithint faoi mhí na Nollag 2012.

húsáid faisnéise staitistiúla oifigiúla le tamall anuas. Ina theannta sin tá sí ag breathnú an tionchair reachtaigh a d'fhéadfadh a bheith ag leasú atáthar le déanamh go luath ar Rialachán CE 223/2009 ar Staitisticí Eorpacha. Tá an CSO ag cabhrú i láthair na huaire chun meamram chuig an Rialtas a dhréachtú d'fhonn tacú le forbairt Bonneagar Sonraí Náisiúnta ar mhaithe le Riarachán Poiblí níos fearr. Cuirfidh forbairt an Bhonneagar Sonraí Náisiúnta a bheidh bunaithe ar aitheantas oifigiúil le haghaidh daoine, gnóthais agus foirgnimh, go mór le luach sonraí i gcórais riaracháin chun críocha staidrimh.

- Moltaí i gcomhair athraithe reachtaigh, más cuí, a fhorbairt faoi mhí Mheithimh 2013.

- Tá sé i gceist iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht reachtach i ndiaidh an Cód Cleachtais a sheoladh agus comhaontú ginearálta a bhaint amach ar fhorbairt Bonneagar Sonraí Náisiúnta chun críocha riaracháin phoiblí.

Tacú le cur chuige comhtháite i leith sonraí riaracháin ar fud na Seirbhíse Poiblí. Mar chuid den obair seo beifear ag spreagadh cur chuige seasmhach i leith aitheantóirí, aicmithe agus sonraí geospáitiúla/cód poist i bpleanáil agus seachadadh seirbhíse.

- Cur chun cinn agus tacú leanúnach le caighdeáin sonraí ar fud na Seirbhíse Poiblí i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Bhí roinnt cruinnithe ag an CSO leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le linn 2012 chun a fhiosrú conas a d'fhéadfaí cruthú bonneagair staitistiúil chomhtháite a chur ar aghaidh. Is iad na gnéithe tosaigh den straitéis iomlán iad an obair atá ar siúl ag an CSO maidir

leis an Cód Cleachtais nua staitistiúil agus an teagmháil le luchtanna leasa ábhartha. Sa chéad chéim eile den straitéis beifear ag dul i dteagmháil le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun a chinntiú go nglacfar le bunrialacha an Chód Cleachtais.

### Sprioc 3 Tuiscint agus Úsáid Staitisticí a chur Chun Cinn

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir	2012
Leanúint orainn ag cur feabhais ar struchtúr agus ar leagan amach eisiúintí agus táblaí staitistiúla ar <a href="http://www.cso.ie">www.cso.ie</a> .	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leagan amach nua ar líne ar eisiúintí agus tháblaí staitistiúla faoi dheireadh 2012.</li> <li>Soláthar tuairiscí téamacha ar líne.</li> <li>Tráchttaireacht inrochtana agus léiriú físeach níos mó na dtorthaí staitistiúla</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá teimpléad leictreonach eisiúintí cruthaithe, rinneadh an chéad eisiúint leictreonach beo (Staitisticí Baine) ar an gcóras i mí na Samhna 2012.</li> <li>Eisiúint théamach ar Shaothar Talmhaíochta, Áireamh Talmhaíochta, Daonáireamh 2011 – Daoine gan dídean in Éirinn, Staitisticí Ioncaim agus Coinníollacha Maireachtála – Tuairisc Théamach ar Pháistí, Staitisticí Ioncaim agus Coinníollacha Maireachtála – Tuairisc Théamach ar Dhaoine Aosta, Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach, Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach Imleabhar 2 agus Tomhas Dul Chun Cinn na hÉireann – iad seo go léir foilsithe ar líne in 2012.</li> <li>Imleabhair 1-10 de Dhaonáireamh 2011 foilsithe i bhfoirm fhíor-fhíseach. Foilsíodh cairteanna agus léarscáileanna idirghníomhacha leis, i bpáirtíocht leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil.</li> <li>Tá na príomhtháscairí eacnamaíocha ar fáil ar an suíomh <a href="http://www.cso.ie/indicators/Maintable.aspx">http://www.cso.ie/indicators/Maintable.aspx</a></li> </ul>

<p>Beartas Sonraí Oscailte a fhorbairt maidir le staitisticí foilsithe uile ar <a href="http://www.cso.ie">www.cso.ie</a> agus ar <a href="http://www.statcentral.ie">www.statcentral.ie</a>, chun a chinntiú go mbeidh an oiread faisnéis staitistiúil is féidir ar fáil agus á húsáid.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Táblaí staitistiúla uile na CSO a fhoilsiú sa rannán <a href="http://StatBank">StatBank</a> de <a href="http://www.cso.ie">www.cso.ie</a> – cuimsiú iomlán faoi 2014.</li> <li>• Úsáidí Sonraí Oiscailte StatBank a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh orthu.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá táblaí uile an Daonáireamh 2011 ar fáil ar StatBank anois as Gaeilge agus as Béarla agus tá clár ascnaimh sonraí ar fáil.</li> <li>• Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2012 ar fhoilsiú táblaí staitistiúla breise ar StatBank m.sh. Daonáireamh 2011, Treoir Praghsanna Tithe, Job Churn. San iniúchadh a rinneadh ar StatBank in 2012 aibhsíodh rannáin ina bhféadfaí táblaí a sholáthar. Mar thoradh ar phléite leis na rannáin seo déanfar níos mó táblaí staitistiúla a lódáil in 2013. Lódáladh sonraí don Roinn Sláinte agus don Bhord Taighde Sláinte chun go ndéanfadh an CSO iad a óstáil trínár líonra don Earnáil Phoiblí. Déanann na soláthraithe sonraí faoi seach na sonraí seo a scrúdú sula bhfoilsítear iad. Rinneadh dul chun cinn le DERI maidir le sonraí ó Dhaonáireamh 2011 a tháirgeadh mar shonraí oscailte nasctha in 2013.</li> </ul>
<p>Úsáid sonraí staitistiúla a chur chun cinn agus a mhéadú i dtaighde eacnamaíoch agus sóisialta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Córas ar líne a fhorbairt le haghaidh cianrochtana chun críocha taighde, le linn 2012.</li> <li>• Comhpháirtíocht sheachtrach le haghaidh úsáide sonraí ar mhaithe le taighde a fhorbairt.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirfear an scéim phíolótach a ndearnadh tástáil uirthi in 2012 i bhfeidhm go céimneach in 2013.</li> <li>• Tacaíocht leanúnach an phróisis ‘Oifigeach Staitisticí’. Rinneadh tástáil píolótach ar an rogha</li> </ul>

	cianrochtana le roinnt taighdeoirí in 2012.	
An clár forrochtana a mhéadú d'fhonn tuiscint ar staitisticí a chur chun cinn in earnáil an oideachais.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Daonáireamh bliantúil@Tográ scoile</li> <li>• Bonn John Hooper Medal, comórtas póstaer staitistiúil ag an leibhéal scoile.</li> <li>• Urraíocht ón CSO ar scoláireacht Dhómhaill Mhic Chárthaigh, scoláireacht iarchéime i staitisticí i gCOC.</li> <li>• Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúla a sheoladh, i gcomhar leis an bhForas Riaracháin Phoiblí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chríochnaigh 7,150 freastalaí meánscoile an ceistneoir agus foilsíodh na torthaí i mí Dheireadh Fómhair 2012.</li> <li>• Reáchtáladh an dara comórtas in 2012. Fógraíodh 283 phóstaer agus reachtáilfear an comórtas uair eile in 2013, an uair seo faoin téama Talmhaíocht.</li> <li>• Tá maoiniú déanta ag Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann ar an scoláireacht seo chun taighde ollscoile a chur chun cinn i réimse na staitisticí oifigiúla.</li> <li>• Tá an Dioplóma Gairmiúil i Staitisticí Oifigiúla forbartha againn i gcomhar leis an bhForas Riaracháin Phoiblí agus tá sé dírithe ar chinnteoirí ar fud na seirbhíse poiblí.</li> </ul>
Beartas maidir leis na meáin shóisialta a fhorbairt ar mhaithe le cur chun cinn staitisticí oifigiúla.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beartas maidr leis na meáin shóisialta a fhorbairt in 2012.</li> <li>• An beartas a chur i ngníomh faoi dheireadh 2012.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Dréacht-bheartas curtha le chéile agus críochnófar é in 2013. Cuntas Facebook déanta don CSO. 5,600 Draft policy created and will be finalised in 2013. CSO Facebook set up. 5,600 sintiúiseoir ag ár bhfotha Twitter</li> </ul>
Seimineáir a reáchtáil go rialta ar	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár bliantúil seimineár agus</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• D'éirigh go breá leis an seimineár</li> </ul>

úsáid faisnéise staitistiúla sa rialtas, i gcúrsaí gnó agus sa sochaí.	comhdhálacha.	BOP agus an 4ú Seimineár Gnó (Talmhaíocht) a reáchtáladh in 2012
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Faisnéisithe staitistiúla do phríomh-eagraíochtaí.</li> <li>• Seimineáir a reáchtáil fud fad na hÉireann ar thorthaí Daonáirimh 2011.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tugadh láithreoireachtaí san Oireachtas agus in 8 roinn Rialtais</li> <li>• Reáchtáladh roinnt seimineár d'úsáideoirí i nGrúpaí Forbartha Áitiúla. D'fhreastail 25 ghrúpa éagsúla ó cheann ceann na tíre air. De bhreis air seo cuireadh seimineáir/láithreoireacht ar fáil do Choláiste na Tríonóide agus ITBhÁC</li> </ul>



## Sprioc 4 Éifeachtacht a Mhéadú

2012

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Clár rollta d'athbhreithnithe próisis ghnó ina n-úsáidtear Lean Six Sigma (LSS) agus modheolaíochtaí eile.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Clár rollta bliantúil d'athbhreithnithe próisis ghnó a chur i bhfeidhm.</li> <li>Ar siúl i gcónaí- 2012 san áireamh</li> <li>LSS críochnaithe maidir le Staitisticí Ríthábhachtacha, Staitisticí Trádála, Staitisticí Suirbhéanna Ioncaim agus Coinníollacha Maireachtála agus an Togra Cláir Ghnó i measc tograí eile nach iad. Cuireadh an clár LSS ar sos go dtí go mbeidh an Straitéis Chorparáideach curtha cothrom le dáta.</li> <li>Córais faisnéise gnó a forbraíodh do PIACC curtha i bhfeidhm go céimneach.</li> <li>Athcheapadh déanta ar phróiseáil deimeagrafach, rud a chuir feabhas ar achar ama a bhfoilsithe sa mhéid gur laghdáíodh de 8 seachtaine é in 2012.</li> <li>Athbhreithniú cáilíochta ar mhodheolaíocht agus aschur athmheasa, praghsáil aistrithe agus gnáthchóireáil maidir le WPI<sup>8</sup>, MIP<sup>9</sup>, LCU<sup>10</sup></li> </ul>

<sup>8</sup> WPI Innéacs Praghsanna Mórdhíola

<sup>9</sup> MIP Fiosrú Míosúil um Tháirgeadh Tionsclaíoch

<sup>10</sup> LCU Aonad Mórcháis

	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tionchair a thomhas ar fheabhsú tráthúlachta agus costais an táirgthe staitisticí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Raon meadrachtaí inmheánacha agus seachtracha a mhéadú d'fhonn tacú le buiséadú feidhmíochta agus feabhsú próisis. Tá córas taifeadta ama ann chun acmhainní a chaitear chun conarthaí staidrimh AE a sheachadadh a ríomh; ina theannta sin tabharfar faoi thogra chun córas taifeadta Ionchur Ama a thabhairt isteach le haghaidh an Rannáin Staitisticí Gnó Struchtúrtha in 2013.</li> </ul>
An Córas Suirbhéanna Teaghlaigh a athrú ón mbonn aníos chun freastal ar riachtanais sonraí maidir le saincheisteanna sóisialta amach anseo.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean an athraithe ón mbonn aníos mar aon le roghanna costáilte faoi Ráithe 1/2012.</li> <li>Córas suirbhéireachta nua i bhfeidhm faoi Ráithe 3/2014.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhaontaíodh an cas gnó don Togra Aistrithe ón mbonn aníos leis an gCoiste Bainistíochta Sinsearach i mí Mheán Fómhair 2012 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<sup>11</sup> é i mí na Samhna</li> <li>Forbraíodh plean um chur i ngníomh agus tá an togra bogtha ar aghaidh chuig céim pleanála níos mionsonraithe.</li> </ul>
Straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Straitéis Acmhainní Daonna comhaontaithe a ullmhú faoi Ráithe 1/2012.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tugadh tús áite don bPlean Lucht Saothair thar seo in 2012. Forbrófar riachtanais Acmhainní Daonna sa dara leagan den bPlean Lucht Saothair agus i mbearta a ghlacfar chun an Straitéis Chorporáideach 7</li> </ul>

<sup>11</sup> DPER An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Beartais Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm chun tacú le scileanna agus inniúlachtaí atá ag teastáil i seirbhís staidrimh na linne seo.</li> <li>• Spriocanna ECF a bhaint amach le haghaidh laghdú foirne céimnithe.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• mbliana a chur i gcrích.</li> <li>• Foilsíodh an Straitéis Foghlama agus Forbartha agus forbraíodh Clár Scileanna foirne in 2012.</li> <li>• Baineadh sprioc sa Chreat Rialaithe Fostaíochta amach in 2012. Is dúshlán é i gcónaí réiteach a aimsiú idir an buiséad agus an líon foirne ar an taobh amháin agus na héilimh ar fhaisnéis staitistiúil ar an taobh eile.</li> </ul>
Straitéis TF a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise TF 2010-2012, i gcomhréir le tosaíochtaí feabhsaithe gnó na CSO.</li> <li>• Straitéis TF nuashonraithe a ullmhú in 2012, chun ailíniú leanúnach le riachtanais a chinntiú a bheidh ag an CSO amach anseo.</li> <li>• Córas tiomsaithe TF na gCúntas Náisiúnta a uasghrádú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• D'aithin an Straitéis TF 9 bPríomhréimse Gnímh. Spreagfaidh gach ceann díobh bearta tánaisteacha, 54 acu san iomlán. Tá 18 gceann de na bearta tánaisteacha curtha i gcrích. Tá 19 mbeart eile ar siúl i gcónaí agus chríochnófar na tograí seo ag dátaí éagsúla.</li> <li>• Tá athbhreithniú piara ar siúl ar TF go luath in 2013 a threoróidh forbairt na straitéise TF nua.</li> <li>• Rinneadh foireann ar leith chun an togra seo a fhorbairt. Cuirfear tús leis an obair ar úsáid an fheidhmchláir meiteashonraí agus ar an aistriú chuig timpeallacht SAS go luath in 2013.</li> </ul>
Réitigh seirbhísí roinnte a chur i ngníomh má tá siad ar fáil agus má	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An párolla a aistriú chuig córas lárnach na Seirbhíse Poiblí faoi</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bonnlíniú oibre, córas agus acmhainní críochnaithe. Ag</li> </ul>

oireann siad do riachtanais na CSO.	dheireadh 2012.	<p>feitheamh le cinneadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cur chuige agus am.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ag feitheamh le líne ama ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</li> <li>• Aistroidh an CSO a cuid próiseas Acmhainní Daonna a bhaineann le hidirbheartaíochtaí chuig an HRSSC<sup>12</sup> i mí Mhárta 2013. Tá an CSO sa chéad trainse de Ranna/Oifigí atá ag aistriú chuig seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna agus tá acmhainní nach beag infheistithe aici i dtacaíocht leis an togra tábhachtach seo. Sa chéad leath de 2013 díreofar acmhainní Acmhainní Daonna go mór mór ar an aistriú féin chun go n-éireoidh leis; agus sin déanta ní mór d'Acmhainní Daonna athchóiriú a dhéanamh ar na feidhmeanna Acmhainní Daonna atá á gcoinneáil aici. Cuirfidh an CSO seirbhísí roinnte airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le pleananna/línte ama lárnacha.</li> </ul>
-------------------------------------	-----------------	---

<sup>12</sup> HRSSC Ionad Seirbhísí Roinnte d'Acmhainní Daonna

## Sprioc 5 An tUalach a Laghdú

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir	2012
Roghanna agus tionchair a mheas i ndáil le gach riachtanas nua staitistiúil – teaghlach agus gnó.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá measúnú sníofa isteach sa phróiseas pleanála suirbhéireachta gach suirbhé teaghlaigh agus gnó.</li> <li>Maidir le gach riachtanas staitistiúil nua, aithnigh an réimse ina bhféadfaí úsáid a bhaint as foinsí atá ann cheana idir fhoinsí staitistiúla agus fhoinsí riaracháin in ionad sonraí a bhailiú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Is é atá i gceist leis an gclár athraithe ón mbonn aníos ná athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr na suirbhéanna teaghlaigh laistigh den CSO agus tá mar sprioc aige córas atá níos éifeachtaí ó thaobh costais de a chruthú a thabharfaidh réimse faisnéise níos leithne do chustaiméirí na CSO.</li> <li>Táthar ag cuimhneamh ar leas a bhaint as foinsí sonraí nua, .i. sonraí gutháin phóca le haghaidh staitisticí turasóireachta. Ar siúl i gcónaí. Is é 65% an ráta freagraí leictreonacha ar an bhFiosrú Míosúil Seirbhísí.</li> <li>Úsáid sonraí riaracháin a mhéadú más féidir, .i. Foilsíodh anailís fhorlíontach leis an Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta 2009/2010 ar dhifreálachtaí Poiblí Príobháideach in 2012. D'éirigh linn sonraí na bliana 2010 a thógáil ó chomhad P35 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.</li> </ul>
An sprioc laghdaithe ualaigh ar ghnó 2007-2012 de 25% a chomhlíonadh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foilsítear Baraiméadar Ualaigh Freagartha le haghaidh staitisticí gnó de chuid na CSO go bliantúil.</li> <li>Clár gnímh leanúnach chun an t-ualach freagartha a bhainistiú agus a laghdú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Baraiméadar Freagraí maidir le 2011 foilsithe ar an 23 Lúnasa 2012.</li> <li>Táthar i mbun gnímh i gcónaí chun an t-ualach i suirbhéanna gnó agus talmhaíochta a laghdú. Thaispeáin an baraiméadar freagraí deireanach</li> </ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú ar roghanna um laghdú ualaigh <i>Intrastat</i>, i gcomhar le Eurostat.</li> </ul>	<p>go raibh laghdú 19.3% tagtha ar an ualach ar ghnó ó 2005 agus laghdú 28% ó 2010.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tá comhaontaithe ag an CSO agus VIMA<sup>13</sup> comhshuirbhé ar ualach freagra a dhéanamh chun saincheisteanna cáilíochta agus cainníochta a thomhas maidir le sonraí trádála Intrastat.</li> </ul>
<p>Leanúint le hathchothromú na bhfoinsí sonraí staitistiúla ó ghnáthpháipéar go ríomhfhoirmeacha agus athúsáid sonraí atá ann cheana.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na suirbhéanna a chuireann rogha ríomhfhoirme ar fáil.</li> <li>Líon/céatadán na bhfreagróirí a bhaineann úsáid as ríomhfhoirmeacha</li> <li>Líon suirbhéanna a thugtar ar ais, bunaithe ar athúsáid na sonraí atá ann cheana, seachas ar bhailiú díreach.</li> <li>Bíodh bailiú gréasánbhunaithe san</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Méadaíodh ar líon na suirbhéanna a gcuireann an CSO rogha ríomhfhoirme ar fáil dóibh ó 7 go 14 in 2012.</li> <li>Tugadh ríomhfhoirmeacha nua isteach don Suirbhé ar Chaiteachas ghnó maidir le T&amp;F, ar Fhiosrú Bliantúil Seirbhísí, Áireamh ar Tháirgeadh Tionsclaíoch, Suirbhé ar Fhoinsiú Idirnáisiúnta, Fiosrú Ráithiúil Sócmhainní, Fiosrú Ráithiúil Cuntas &amp; Fiosrú Ráithiúil Foirgníochta. Tá pleananna ar na bacáin líon na ríomhfhoirmeacha do shuirbhéanna eile a mhéadú le linn 2013.</li> <li>Fuarthas beagáinín faoi bhun 20,000 ríomhfhoirm ar ais ónár gcuid soláthraithe sonraí le linn 2012.</li> <li>De dheasca srianta buiséid ní bheidh</li> </ul>

<sup>13</sup> VIMA Oifig laistigh de Choimisinéirí Ioncaim a phléann le sonraí foinseacha do staitisticí trádála

---

áireamh in athbhreithniú na  
roghanna i ndáil le Daonáireamh  
2016 (Sprioc 1).

---

ar chumas na CSO an rogha gréasáin  
a thástáil in 2013 nó 2014.

